# Na Trí Mhian

Séideán Sí



Brídín Nic Uiginn a chóirigh

Maria Murray a mhaisigh

# Na Trí Mhian



Brídín Nic Uiginn a chóirigh
Maria Murray a mhaisigh

An Gúm
Baile Átha Cliath

An chéad eagrán 2007

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2007

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.


Dearthóirí Áiseanna Teagaisc na Gaeilge a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Designit

Obair ealaíne: Maria Murray

Printset and Design Teo a chlóbhuail in Éirinn

**An Gúm, 24-27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1**



Fadó, fadó bhí cónaí ar fhear agus a bhean chéile i dteach beag faoin tuath. Chan daoine saibhre a bhí iontu ar chor ar bith ach iad beo bocht.




Cha dtiocfadh leat a rá go raibh
na comharsain a bhí acu bocht.




Cha raibh siad bocht ar chor ar bith ach neart de shaibhreas an tsaoil acu.

Tráthnóna geimhridh amháin agus iad ina suí ar dhá thaobh na tine thosaigh an fear agus an bhean ag caint faoi na comharsain. Bhí siad ag caint faoi cé chomh sásta agus a bhí na comharsain agus achan chosúlacht orthu go raibh siad gan buaireamh ar bith.







‘Nach méanar dóibh,’ arsa an bhean. ‘Ba chóir go mbeadh muidne níos cosúla leo. Dá mbeadh cumhacht ar bith agamsa, bheadh an bheirt againne níos sona sásta ná iad uilig.’




‘Tá an ceart agat,’ arsa a fear céile.
‘Dá mbeadh a leithéid de rud is sióga ann, chuirfinn ceist orthu an mbeadh siad sásta cúpla mian a thabhairt dom.’





Díreach ar an phointe, cad é a bhí ina seasamh os a gcomhair amach ach sióg!

Dhóbair nár thit an t-anam as an bheirt nuair a chonaic siad an tsióg.







Labhair an tsióg.

'Béarfaidh mé daoibh trí mhian.

Ach, bígí cúramach, mar,

i ndiaidh na trí rud a iarraidh,

cha dtabharaim níos mó.'




D’amharc an fear agus an bhean
ar a chéile.
‘Trí mhian,’ arsa an fear.
‘Trí mhian,’ arsa an bhean.



Leis sin bhain an tsióg na bonnaí as. Bhí achan rud iontach socair sa tseomra. Bhí mearbhall ar an bheirt agus bhí siad fríd a chéile ar feadh tamaill.

Ansin thosaigh an bheirt ag
cogarnach – ar eagla na heagla go
mbeadh duine de na comharsain
taobh amuigh den doras
ag éisteacht leo.
'Trí mhian,' arsa an bhean.
'Trí mhian,' arsa an fear.




'Tá barúil agamsa cad é ba mhaith liom.



Sílim gur mhaith liom lear mór airgid, ...




... teach mór ...



… agus go mbeadh meas
ag daoine orm,' arsa an bhean.




‘Ach, a thaisce,’ arsa a fear céile. ‘Cad é a tharlódh dá mbeadh na mianta sin uilig tugtha duit agus tú i do luí tinn gan do shláinte agat agus b’fhéidir tú ar leaba an bháis? Cha bheadh mórán maith in do chuid saibhris ansin.’






‘Cad é fá dtaobh duitse? Cad é ba mhaith leatsa?’ arsa an bhean.
‘An bhfuil a fhios agat, a thaisce, níl mé róchinnte,’ arsa an fear.
‘Tógfaidh muid ár n-am agus smaoineoidh muid air go cúramach. Ansin déanfaidh muid suas ár n-intinn.’
‘Caithfidh muid na trí mhian a phiocadh go cúramach,’ arsa an bhean, ‘trí mhian agus beidh muid saibhir.’





Sheas an bhean ansin agus thóg sí an maide briste leis an tine a stócáil.





Agus í ag stócáil na tine, ar sise gan smaoineamh: ‘Amharc ar an tine dheas sin. Ba mhaith liomsa dá mbeadh ispín againn don tae. Thiocfadh linn é a chur ar an tine.’




Cha raibh na focail as a béal
i gceart nuair a tháinig ispín mór
fada ramhar anuas an simléar.
‘Cá has a dtáinig sin?’ arsa an
bhean agus iontas an domhain
uirthi.



‘Ó, cad é fá Dhia atá déanta agat?’ arsa a fear céile. ‘Tá ceann amháin de na mianta úsáidte agat anois, a bhean gan chiall. Níl fágtha againn ach dhá mhian anois.’

Bhí fearg mhillteanach air lena bhean chéile.

'Ba mhaith liomsa dá ngreamódh an t-ispín sin de do shrón,' a dúirt sé léi.




Cha raibh na focail as a bhéal i gceart nuair a léim an t-ispín ón tine agus ghreamaigh sé de shrón a bhean chéile.



Is ansin a thuig an fear cad é a bhí déanta aige féin fosta. Thit an croí ann. Anois bhí dhá cheann de na mianta úsáidte acu. Bhí seisean chomh holc lena bhean chéile.


Rinne siad iarracht an t-ispín a tharraingt dá srón ach ní bhogfadh sé.






Tharraing siad agus tharraing siad
agus tharraing siad.
‘Ó, mo shrón!’ arsa an bhean.
‘Cha dtig liom a ghabháil amach
anois. Beidh na comharsain uilig
ag magadh fúm.’

Shuigh siad ar dhá thaobh na tine agus beaguchtach orthu.




'Cad é a dhéanfaidh muid?' arsa an bhean lena fear céile. 'Seo muid inár suí anseo agus muid ag brionglóideach faoi ór agus airgead. Nach muid atá amaideach agus santach. Nach bhfuil muid ag dul i gceart mar atá muid. Níl saibhreas a dhíobháil orainn.'

‘A thaisce,’ arsa an fear tar éis tamaill, ‘iarr thusa an mhian dheireanach ach glac d’am agus smaoinigh go cúramach
fá dtaobh di.’



‘Bhuel,’ arsa an bhean, ‘ní bheidh suaimhneas agamsa choíche má bhíonn an rud seo greamaithe de mo shrón. Ba mhaith liomsa dá mbeadh sé imithe ar fad.’

Leis sin thit an t-ispín dá srón.






Bhí an bheirt sásta ansin.

'Nach muid a bhí amaideach agus santach,' arsa an fear.

'An té nach bhfuil caora ná bó aige, caora ná bó ní chaillfidh sé,' arsa an bhean.

'Agus tá Dia maith,' arsa a fear céile.



Ón lá sin amach mhair siad go sona sásta. Agus níor chuir saibhreas na gcomharsan isteach ná amach orthu.

*Fadó, fadó bhí cónaí ar fhear agus a bhean chéile i dteach beag faoin tuath. Chan daoine saibhre a bhí iontu ar chor ar bith ach iad beo bocht.*

An Gúm